# *Paróiste an Fheirtéaraigh*

*Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain, Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach*

**Fógraí na Seachtaine 21 - 27 Nollaig 2024**

**Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 22 Nollaig ar a 9.00rn**
**Intinn:** Máiréad Ní Chearna Uí Fhlatharta, Gaillimh agus Dún Chaoin, 1ú C.B.
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 22 Nollaig ar a 10.00rn**
**Intinn:** Muiris, Hain agus Bríd Feirtéar, Tíorabháin agus Siobhán Uí Fhathaigh, Baile an Fheirtéaraigh agus a muintir agus Muintir Mhurchú, Cillirith.

Ar dualgas do Limistéar Tréadach Chorca Dhuibhne an Domhnach seo – An tAthair Micheál Ó Muimhneacháin 087-6551902

**Guí an Phobail**
Paddy Ó Cinnéide, Baile Móir, a fuair bás le déanaí.
Feargal Mac Amhlaoibh, Baile na Rátha, 1ú C.B.
Muiris Ó Súilleabháin, Feothanach, a fuair bás um an dtaca seo.
An tAthair Séamus Mac Ginneá, C.M, Dé Sathairn, 4 Eanáir, 2.00in.
Na daoine go léir a fuair bás i rith na bliana ón bparóiste seo, sa bhaile agus i gcéin.



**Séipéal na Carraige, Dé Sathairn, 28 Nollaig ar a 7.30in**
**Intinn:** **1.** Adrian Ó Beaglaoi, Baile Uí Churráin, C.B.
**2.** Gearóid Ó Ceallacháin, Carraig, C.B.
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 29 Nollaig, ar a 10.00rn**
**Intinn:** Bríd Úna Ní Mhaoileoin, Baile an Fheirtéaraigh agus Pádraig Ó Maoileoin, An Ghráig, C.B.

**Bailiúchán Bliantúil dos 'Na Samaritans' Oíche agus Lá Nollag ag geataí na séipéal.**

**Cártaí na Nollag an Pharóiste**
Beidh Cartaí na Nollag an Pharóiste ar díol ag na hAifrinntí an deireadh seachtaine seo. 6 chárta ar €5.

Aifreann beo ar **Raidió na Gaeltachta** ó Shéipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 5 Eanáir ag 11.00rn. **Ní bheidh** Aifreann ar a 10.00rn an lá seo.

# Aifrinntí na Nollag 2024

## Oíche Nollag, Dé Máirt, 24 Nollaig

| | |
|---|---|
| Séipéal Naomh Gobnait | 5.00in |
| Séipéal na Carraige | 7.00in |
| Séipéal Naomh Uinseann | 8.30in |

***Aifreann na Gine, Aifreann is Fiche***

## Lá Nollag, Dé Céadaoin, 25 Nollaig

| | |
|---|---|
| Séipéal Naomh Uinseann | 10.00rn |
| Séipéal na Carraige | 11.15rn |

**Clúdaigh na Nollag**
Tá Clúdaigh na Nollag á gcur amach anois. Téann an t-airgead ós na clúdaigh seo do thuarastail na sagart. Tá **Clúdaigh Seachtainiúla 2025** á gcur amach chomh maith. Úsáidtear an t-airgead seo do ghnáth chostaisí sa pharóiste: árachás, cothabháil, aibhléis. Buíochas ó chroí do gach duine a thugann tacaíocht don gciste seo. Buíochas go speisialta dos na daoine teagmhála a thugann amach na clúdaigh dúinn. **Má theastaíonn uait dul ar an liosta glaoigh ar Thigh na Sagart 9156131.**

## Bailiúchán Speisialta
Beidh bailiúchán speisialta do thuarastal na sagart ag aifrinntí **Oíche agus Lá Nollag.** Is féidir leat an clúdach do Ofráil na Nollag a chur sa bhailiúchán seo. Míle buíochas as bhur bhflaithiúlacht agus go gcuití Dia go fial libh.

**Féilire 2025**
Tá cóipeanna breise do **Fhéilire 2025** sna séipéil. Tóg ceann dod' ghaolta agus cairde.

**Buíochas Speisialta**
Buíochas do gach duine a chabhraíonn leis na searmanaisí i rith na Nollag agus i rith na bliana:- léitheoirí, Ministéirí Eocairiste, glantóirí, iad siúd a chuireann suas bláthanna, na cléirigh agus gach duine a chabhraíonn ins na séipéil, daoine teaghmhála, daoine a thugann amach na clúdaigh, múinteoirí fóirne agus daltaí na scoileanna, cóir agus ceoltóirí, Boird Bainistíochta, daoine a mhaisíonn na séipéil agus a ullmhaíonn na mainséir, cártaí agus fógraíocht, bailitheoirí, Aisteoirí Bhreanainn, Foireann Raidió na Gaeltachta, Comhairle Tréadach, Coiste Fé Chúram Leanaí, Coiste Airgeadais, lucht cothabhála, grúpaí deonacha, rúnaí an pharóiste agus le gach uile dhuine a chabhraigh in aon tslí sa pharóiste i gcaitheamh na bliana. Go gcúití Dia go fial libh.

## Machnamh
Bhraithfeá go raibh diamhaireacht is diagaitheacht éigin faoi leith ag baint leis an oíche bheannaithe seo, go raibh solas na bhflaitheas nó gathaí uaidh ar an dtalamh ag solas na gcoinnle is iad ag fáiltiú roimis an mbunóicín a saolaíodh i gcomhaireamh na hoíche beannaithe sin i stábla fuar an asail i mBeithil fadó. **- Máire Ní Ghaoithín**

**Bliain Iubhaile 2025**
Ceiliúrtar Bliain Iubhaile gach 25 bliain san Eaglais. Osclóidh an Pápa Proinsias an Doras Naofa sa Vatacáin, Oíche Nollag. An téama atá roghnaithe ná 'Oilithrigh le Dóchas'. Gach eolas www.dioceseofkerry.ie.

**Taisí Carlo Acutis**
Nuair a bhí an Mgr. Anthony Figueiredo timpeall bhronn sé taise do Carlo Acutis (den gcéad ghrád) ar an bparóiste agus le déanaí sheol sé ceann eile chugainn – máthar Carlo a thug an ceann seo do (ceann den gcéad ghrád). Tá sé neamhghnáth dhá thaise a bheith in aon pharóiste amháin! Bhí an Mgr. Anthony agus Gwen Wiseman, a bhí ag cabhrú leis, ana thógtha leis an bhfáilte a cuireadh rompu. Tá sé i gceist scrín a thógaint do na taisí sa bhliain nua.

**Oilithreacht go Pietrelcina, San Giovanni Rotondo agus Assisi**
Beidh oilithreacht **(ag fágaint ó Aerphort Chorcaí)** go Assisi agus San Giovanni, ón 23 – 30 Meitheamh 2025. Gach eolas ó Ann Fehan 087-2738103 nó Tigh na Sagart 066-9156131.

**Ranganna Oíche i bPobalscoil Chorca Dhuibhne:-**
Beidh na ranganna oíche seo ar siúl Grianghrafadóireacht, Spáinnis, Iodáilis, Amhráin ós na Scannáin, Fraincís, Gaeilge, Garchabhair, Pilates agus Safe Pass. **087 7951743 nó sf@pcd07.ie.**

**Stampaí Úsáidte**
Tá beanrialta ag bailiú stampaí úsáidte ar mhaithe le daoine bochta thar lear. Má tá aon stampaí agat is féidir iad a fhágaint ins na séipéil. Bíonn cuimhneamh speisialta i rith na Nollag ar na daoine a thacaíonn leis an bhfeachtas seo.




***Guíonn an tAthair Eoghan Nollaig Shona agus Athbhliain faoi shéan agus faoi mhaise ar gach éinne sa pharóiste agus ar a muintir i gcian agus i gcóngar agus go háirithe gach uile dhuine a chabhraigh in aon tslí sa pharóiste i rith na bliana.***

**Ciste an Pharóiste €705**
Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntúis a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean –
**IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D).** Bíonn cuimhneamh speisialta oraibh i gcaitheamh na bliana.
**Más mian leat clarú do na clúdaigh, cuir glaoch ar Thigh na Sagart 9156131. Go gCuití Dia go fial libh.**

**Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhur dtoil:**
Fón: 066-9156131 r-phost: oifig@yahoo.ie